Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

## *Leideanna don Ghrúpa Fócais*

**Caighdeán 1.1:** Baineann na daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, spreagtar iad chun foghlama agus bíonn siad ag súil le gnóthú mar fhoghlaimeoirí.

### Do Mhúinteoirí

- Céard iad na comharthaí spreagtha nó rannpháirtíochta a thugann tú faoi deara nuair a bhaineann daltaí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha?
- Cén chaoi, an dóigh leat, a mbíonn tionchar ag uirlisí digiteacha ar mhuinín na ndaltaí i dtaca le torthaí foghlama a bhaint amach?
- An gceapann tú go dtacaítear le hionchais arda ar son gach foghlaimeoir trí ghníomhaíochtaí digiteacha? Cén fáth go gceapann nó cén fáth nach gceapann?

### Do Dhaltaí

- Inis dúinn faoi am nuair a chabhraigh an teicneolaíocht leat tuilleadh taitnimh a bhaint as ceacht.
- An mbraitheann tú go mbíonn tú ag foghlaim i mbealach níos fearr leis an huirlisí digiteacha? Cén fáth go gceapann nó cén fáth nach gceapann?
- Céard a chuireann le do mhothúchán gur éirigh leat nó le do bhród i dtaobh do chuid oibre agus tú ag úsáid na teicneolaíochta?

Oide

Technology in Education

# Creat Foghlama Digití

## *Leideanna don Ghrúpa Fócais*

**Spreagadh**

Is éard is spreagadh ann ná an méid a spreagann daltaí chun tús a chur le gníomhaíocht foghlama, chun leanúint ar aghaidh léi agus chun iarracht a dhéanamh. D'fhéadfadh sé teacht ó:

- Laistigh den dalta (ar a dtugtar spreagadh intreach) mar shampla, ag foghlaim toisc go bhfuil siad fiosrach nó go mbaineann siad taitneamh as an ábhar.
- Lasmuigh den dalta (ar a dtugtar spreagadh eistreach) mar shampla, ag foghlaim chun gráid mhaithe a bhaint amach nó chun moladh a fháil ó mhúinteoir.

**Rannpháirtíocht**

Tagraíonn rannpháirtíocht don mhéid atá daltaí páirteach ina gcuid foghlama agus an méid suime atá acu. Áirítear leis sin:

- Rannpháirtíocht iompair – bheith i láthair, páirt a ghlacadh, cloígh leis an tasc.
- Rannpháirtíocht mhothúchánach – suim, taitneamh nó meon dearfach a léiriú.
- Rannpháirtíocht chognaíoch – smaoineamh faoin bhfoghlaim, ceisteanna a chur agus iarracht a dhéanamh chun tuiscint dhomhain a bhaint amach.